# ***Plean Gaeilge***

**Réamhráiteas**

*Teanga bheo chumarsáide í an Ghaeilge. Is cuid d'ár n-oidhreacht í.*
Cuireadh an plean seo le chéile le linn na bliana 2021-23. Chuir muid tús leis an bplean seo 2021. Bheartaigh an fhoireann go léir an Plean Ghaeilge a ath-bhreithnú. Mar fhoireann bhíomar ag iarraidh féachaint ar an bplean le cabhair ó chuiditheoir, plé a dhéanamh air agus feabhas a chur air agus an Curaclam nua a chur i bhfeidhm.

**Bunchúiseanna**

Aidhmeanna bunaithe leis an bplean seo;

- Cabhair is treo a thabhairt dúinn chun an Curaclam a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint laistigh den scoil
- A cinntiú go mbeidh treoir chinnte againn ó thaobh múineadh is úsáid an Gaeilge
- Go mbeidh leanúnachas agus forbairt ó rang go rang
- Chun an 'Cur Chuige Cumarsáide' a chur i bhfeidhm sa scoil
- Chun comhthéacs a chruthú do chuspóir na Gaeilge sa scoil
- Chun eolas agus treor a thabhairt do mhúinteoirí nua go mbeidh ag obair sa scoil sa todhchaí

**Fís**

Is í an aidhm dúinn ná spéis a chothu is a chruthu as Ghaeilge agus chun spreagadh na páistí ár dteanga náisiúnta a úsáid in atmaisféar taitneamhach, gan bhrú. Gaeilge  neamhfhoirmiúila a spreagadh ni hamháin sa seomra ranga ach timpeall na scoile i rith an lae.
Tá sé ar intinn na scoile dearcadh dearfach a chothú sna páistí agus ina gcuid tuismitheoirí freisin i leith na Gaeilge. Tá chomhoibriú na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach chun dearcadh dearfach a chaomhnú i meon na páistí don Ghaeilge. Is féidir leo tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile agus d'obair an ranga trí cabhhair a thabhairt leis an obair as bhaile agus trí Ghaeilge a chleachtadh ar ócáidí áirithe sa bhaile.
Aontaimíd gur dúshlán dúinn mar mhúinteoirí an fhís seo a bhaint amach  ach déanfaimid ár ndícheall chun atmaisféar Gaelach a chruthú is a chothú.

**Aidhmeanna:**

Seo iad na haidhmeanna i nGaeilge atá againn

- Go mbainfidh na paistí amach caighdeán ard labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta roimh deireadh a mbunoideachais
- Cumas éisteachta agus labhartha na bpáistí a fhorbairt agus a muinín chun an Ghaeilge a usáid a chothú
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- Feasacht cultúir agus teanga a chothú
- Dearcadh dearfach a chothú sna páistí i leith na Gaeilge ionas go mbeidh fonn orthu í a úsáid agus a chur chun cinn
- Cur leis na háiseanna sa scoil go rialta chun freastal ar riachtanaisí teanga na bpáistí
- Go dtabharfaidh an fhoireann teagaisc tacaíocht dá chéile chun a gcuid Gaeilge féin a chur chun cinn
- Cur le líofacht, le cruinneas agus le saibhreas teanga na bpáistí

Is iad na haidhmeanna atá againn mar fhoireann scoile ná:

- Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir thart timpeall na scoile
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú i slí comhtháite ag leibhéil a oireann dó/di féin
- Go mbeadh grá don teanga níos tábhachtaí ná cruinneas teanga
- Cúram a dhéanamh ar fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aiséitiúl an pháiste
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- Clár bán idirghníomhach (agus ICT eile) a úsáid chun suim, taitneamh agus tuiscint an pháiste a ardú sa Ghaeilge

**An plean i gcomhthéacs na scoile seo:**
Tá ár scoil suite i mbaile tuaithe.Tá ceathrar múinteoir ranga ar an bhfoireann. Tá ilranganna sa scoil. Tá dearcadh dearfach ag na múinteoirí i leith na Gaeilge anseo in ár scoil. Tá tuismitheoirí le éagsúlacht taithí agus dearcadh i leith na Gaeilge. Spreagtar na tuismitheoirí páirt a glacadh, mar shampla i rith Seachtain na Gaeilge . Ag tús gach bliain tugann an muinteoir eolas faoin an curaclam Gaeilge do na tuismitheoiri. Ag fágail rang a sé ba mhaith linn, go mbéadh meas déarfach ag na leanaí ar bhur dteanga agus go mbéadh siad in ann cumarsáid a dhéanamh trí ghaeilge.

## 1. Curaclam na Gaeilge

### *1.1: Cur Chuige Cumarsáideach*

Déanfaidh muid sáriarracht an modh seo a usáid sna ranganna. Tá na muinteoirí ag obair le chéile chun na himpleachtaí seo a shárú. Tá an-bhéim ar an gcumarsáid sa churaclam seo. Tá cumarsáid i gceist sna ceithre snáithe, san ábhar teagaisc agus foghlama agus sna modhanna múinte. Múintear an Ghaeilge ag baint úsáide as an gCur Chuige Cumarsáideach, cur chuige seachas modheolaíocht atá molta go hidirnáisiúnta chun teanga a mhúineadh.

Is iad príomhghnéithe an cur chuige cumarsáideach ná díriú ar riachtanaisí teanga na bpáistí agus a chinntiú go bhfuil baint ag na topaicí / teanga atá roghnaithe le saol an pháiste. Sa chaoi seo is féidir leis na bpáiste bheith gníomhach san fhoghlaim

Príomhthréithe an cur chuige cumarsáideach

- Foghlaimeoir-lárnaithe
- Béim ar chiall agus ar úsáid laethúil na teanga
- Foghlaimeoirí gníomhacha
- Obair ghrúpa agus bheirte
- Pearsanú
- Gníomhachtaí céillí
- Bearnaí eolais
- Múintear an ghramadach de réir mar a bhíonn sí ag teastáil agus i gcomhthéacs oiriúnach
- Tús áite do na feidhmeanna teanga
- Dearcadh níos dearfaí i leith earráidí
- Múintear na scileanna éagsúla le chéile an oiread agus is féidir

**Tuigeann na múinteoirí go bhfuil trí thréimhse i ngach ceacht Gaeilge:**

- An Tréimhse Réamhchumarsáide

- An Tréimhse Cumarsáide
- An Tréimhse Iarchumarsáide

**An Tréimhse Réamhchumarsáide**

Is sa tréimhse seo a spreagann an múinteoir spéis na bpáistí san ábhar nó sa topaic le ceisteanna agus le comhrá ginearálta, nó is féidir tasc beag a dhéanamh nó cluiche a imirt. Úsáideann na páistí an teanga atá acu chun ceist a chur agus freagraí a thabhairt, chun eolas a lorg ón múinteoir agus a thabhairt dó / di.Éilíonn an múinteoir an teanga agus eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a bheidh ag teastáil ó na páistí don tasc a bheidh le déanamh. Muna bhfuil an teanga ar eolas ag an rang múineann an múinteoir an foclóir agus na frásaí nua ag úsáid raon de na modhanna múinte.Tugann an múinteoir deis do na páistí an teanga atá foghlamtha cheana a úsáid i gcomhthéascanna difriúla.
N.B. Múin foclóir agus feidhmeanna nua agus bain úsáid as na modhanna múinte (An Modh Díreach, Modh na Sraithe, Modh na Ráite srl.)

**An Tréimhse Cumarsáide**

Cabhróidh an tréimhse seo leis na páistí an teanga a shealbhú trína húsáid. Bíonn deis ag na páistí an teanga a d'fhoghlaim siad a úsáid chun tasc éigin a chur i gcrích nó chun ról a ghlacadh i suíomh faoi leith. Bíonn saoirse ag an bpáiste anseo an teanga a úsáid go cruthaitheach, ach bíonn an tasc nó an suíomh faoi threoir an mhúinteora chun go mbeidh ceangal leis an ullmhúcháin a rinneadh ag tús an cheachta.
Bíonn cluichí cumarsáide, sceitsí agus drámaíocht ar siúl i rith an tréimhse seo. Déanann an múinteoir iarracht idirghníomhú sóisialta a eagrú i rith gach ceachta chun go mbeidh seans ag na páistí úsáid  a bhaint as an teanga gach lá. Bíonn seans ag na páistí oibriú lena chéile ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí agus an múinteoir mar chomhairleoir, ag éisteacht agus ag tógáil nótaí den teanga atá fós lag.

N.B. Tabhair deis do na páistí an teanga a chleachtadh trí úsáid a bhaint as na stráitéisí atá molta sa churaclam, agallamh beirte, cluichí teanga, tascanna agus fadhbanna, drámaíocht, dán a rá nó píosa léitheoireachta a dhéanamh.

**An Tréimhse Iarchumarsáide**

Cinntíonn an múinteoir go dtuigeann an páiste an teanga nua agus go bhfuil sé / sí in ann forleathnú a dhéanamh uirthi go suíomh eile le gníomhaíochtaí iarchumarsáide.
Sna híseal ranganna téann an múinteoir siar ar an teanga a bhí lag i bhfoirm aithrise, athrá agus cleachtaidh gramadaí arís. Sna hardranganna beidh gá le cleachtadh arís nó le traschur na teanga a múineadh sa cheacht go dtí tasc nó gníomhaíocht eile. Dul siar ar an teanga tríd úsáid a bhaint as druileanna / ceachtanna scríbhneoireachta srl.

***1.2: Feidhmeanna Teanga***

Is iad na feidhmeanna croílár an churaclaim Ghaeilge. Is é ciall le feidhm teanga a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, m.sh. cuireadh a thabhairt, mian a chur in iúl, rud a iarraidh, cead a lorg, soiléiriú a lorg i gcomhrá, caidreamh sóisialta a

dhéanamh, dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile, dearcadh a léiriú agus a lorg etc. Tá gá le eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a roghnú chun go mbeidh:

- an fhoireann ar fad aontaithe ar an gcur chuige
- forbairt agus leanúnachas le feiceáil óna Naíonáin go Rang 6
- treoir agus struchtúr ag foireann na scoile
- na páistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt /léamh/ agus scríobh faoi topaicí a bhfuil spéis acu féin iontu, is cuma cé chomh teoranta is atá sé.

Sa scoil seo beidh liosta d'eisleamáirí/ samplaí na bhfeidhmeanna teanga le feiceáil i ngach seomra ranga. Táimid chun an greille seo a úsáid mar thacaíocht/treoir don bhfoghlaim agus don teagaisc sa scoil seo. Is féidir linn na héisleamláirí a chur in oiriúint don chleachtas ranga/scoile seo, do na riachtanaisí teanga, do suimeanna agus do chúlraí na bpáistí agus sa tslí seo is féidir a chinntiú go bhfuil forbairt agus leanúnachas sa scoil. Is féidir cur leis an liosta seo nuair atá nathanna á fhoghlaim sna ceachtanna bunaithe ar na teamaí agus na feidhmeanna teanga atá foghlamtha, forbartha agus in úsáid go cumarsáideach ag páistí a mharcáil.Is mian linn go mbeidh na paistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt, léamh agus scríobh faoi topaicí a bhfuil spéis acu féin iontu ar bhealach nádúrtha cumarsáideach. Cuireann na múinteoirí na feidhmeanna seo san áireamh nuair a bhíonn sé/sí ag ullmhú ceachta, agus úsáideann sé/sí na heiseamláirí mar shampla "Dia duit!, Dia is Muire duit" mar theanga neamhfhoirmiúil i rith an lae chun iad a shuíomh i gcomhthéacs réalaíoch an tseomra ranga agus chun iad a dhaingniú

- Tá liosta de na heiseamláirí feidhmeanna teanga déanta amach le haghaidh gach aon rang.
- Leanann an liosta Feidhmeanna Teanga ó rang go rang.
- Caithfidh an múinteoir ranga aird a tharraingt ar na feidhmeanna i rith na scoilbhliana.
- Beidh an fhoireann ar fad aontaithe ar an gcur chuige

### *1.3: Snáitheanna an Churaclaim:*

- Éisteacht
- Labhairt
- Léamh
- Scríobh

**<u>Labhairt:Teanga ó Bhéal</u>**

**<u>Éisteacht agus labhairt</u>**

Tuigimid sa scoil seo go bhfuil an-thábhacht ag baint l'éisteacht i sealbhú na teanga. Tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil m.sh sa rang nuair atá an múinteoir ag bainistiú ranga. Cloiseann siad an Ghaeilge chomh maith nuair atá na múinteoirí i mbun cumarsáide sa rang agus i dtimpeallacht na scoile. Tá sé fíor thábhachtach an teanga a úsáid go neamhfhoirmiúil i ngnáth cúrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirtear béim ar scil na héisteachta i rith an cheachta chomh maith – éisteacht go foirmiúil. Tá béim láidir sa scoil seo ar labhairt na Gaeilge. Ba mhaith linn go mbeidh na páistí in ann labhairt go simplí faoi na trópaicí a bhfuil spéis acu iontu agus go mbeidh siad in ann caidreamh

bunúsach sóisialta a dhéanamh. Tugann an fhoireann deiseanna foghlama do pháistí i gcónaí ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid labhartha a dhéanamh go rialta chun an teanga a fhorbairt. Chun an aidhm seo a bhaint amach spriocfaimid na páistí chun labhairt i nGaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae agus chun labhairt go foirmiúil nuair atá rang ar siúl.

**Neamhfhoirmiúil**

- Múinteoir ag labhairt Gaeilge
- Múinteoir ag tabhairt treoracha
- Cuairteoirí sa scoil
- Foireann na scoile eatarthu féin
- Orduithe, teachtaireachtaí-iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- Mar theanga chaidrimh
- Mar theanga bhainisteoireacha
- Ócáidí spéisialta – Breithlá
- I gceachtanna eile, msh., sa chorpoideachas
- Éisteacht leis an Ghaeilge á labhairt go fíorchumarsáideach
- Frásaí na seachtaine – *(Aguisín 2)*
- Rolla- anseo, as láthair, b'fheidir go bhfuil sé tinn, ar saoire, níl sé/sí ar scoil &rl
- Teachtaireachtaí
- Treoracha agus orduithe -Tóg amach/Tógaigí amach... Oscail/osclaigí
- Ceisteanna á gcur agus a bhfreagairt
- Baineann na páisti an taitneamh as Seachtain na Gaeilge agus mar sin leanfaimid ar aghaidh leis na gniomhaiochtaí éagsúla.

**Foirmiúil** Sa rang Gaeilge (téamaí faoi leith)

- Rólghlacadh
- Ról-imirtí
- Drámaí
- Agallaimh
- Scéal a insint nó a léamh os ard (b'fhéidir do rang níos óige)
- Cuir síos orthu féin agus ar dhaoine eile.

**Éisteacht**

- Éisteacht le dlúthdhioscaí, dánta, amhráin agus rannta
- Éisteacht le treoracha, scéalta, cartúin ó TG4, aimsir TG4, orduithe, tráth na gceist, cluichí srl.
- Éisteacht agus tomhas
- Éisteacht agus pictiúr a tharraingt
- Éisteacht agus mím a dhéanamh
- Éisteacht agus treoracha a leanadh
- Cluichí teanga - fiche ceist, cad atá sa mhála? Cluiche Kim srl.
- Nuacht
- Aimsir
- Drámaí
- Agallaimh
- Dántaí

- Amhraín
- Scéalta
- Cláracha Teilifíse
- Cur síos orthu féin agus ar pháistí eile

**Léamh**

Forbairt na Léitheoireachta:

Tosaíonn clár ullmhúcháin don litreach i ranganna na naíonán le rainn, cluichí teanga, amhráin agus pictiúr leabhair, scéalta, na leabhair mhóra, teanga bhainistíochta ranga agus eile. Cuirtear le seo i Rang 1 agus 2 le prionta sa timpeallacht agus léitheoireacht idirghníomhach Tarlaíonn tús na léitheoireachta go hoifigiúil i Rang 2. Um an dtaca seo, tá fothscileanna na léitheoireachta sa Bhéarla sealbhaithe ag na páistí. Níl ach traschur na scileanna I gceist ansin nuair a thosaíonn said ar léitheoireacht na Gaeilge. Tugann an léitheoireacht eolas, pléisiúir agus taitneamh don léitheoir, mar sin, chomh maith leis na leabhair léitheoireachta ranga beimid ag cuir leis na leabhair sa leabharlann go rialta agus beidh leabhair spéisiúla agus oiriúnacha do na ranganna go léir á lorg again chun éagsúlacht téacs agus genre a sholáthar do pháistí. Tuigimid go bhfuil bainistiú na léitheoireachta lárnach sa phróiseas chomh maith. Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla a sholáthar sa scoil seo, mar shampla – léitheoireacht faoi stiúir, léitheoireacht pháirteach, léitheoireacht roinnte, léitheoireacht aonair, taoiléitheoireacht, tionscnaimh léitheoireachta ilrangach.

Cuirtear tús leis an léitheoireacht fhoirmiúil i Rang 2.

Baintear úsáid as Bua na Cainte chun é seo a éascú agus cuirtear an bhéim ar ghníomhaíochtaí éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta chun caighdeán Gaeilge na bpáistí a ardú.
Sna meán ranganna agus sna hardranganna tá an scéim Bua na Cainte in úsáid freisin. Tá fo-scileanna na léitheoireachta sa Bhéarla sealbhaithe ag na páistí. Tugann an léitheoireacht eolas, pléisiúr agus taitneamh don léitheoir, mar sin, chomh maith leis na leabhair léitheoireachta ranga beimid ag cur leis na leabhair sa leabharlann go rialta agus beidh leabhair spéisiúla agus oiriúnacha do na ranganna go léir á lorg againn chun éagsúlacht téacs agus genre a sholáthar do pháistí. Tiocfaidh forbairt ar na scileanna léitheoireachta óna méanranganna ar aghaidh ag baint úsáid as téascanna agus tascanna difriúla ar nós scéalta sna leabhair atá in úsáid, fíorleabhair, scríbhneoireacht an pháiste, nuachtáin, irisí, dánta, amhráin, abairtí a chur in ord, léigh agus tarraing pictiúr agus araile.Tuigimid go bhfuil bainistiú na léitheoireachta lárnach sa phróiseas chomh maith. Ba mhaith linn deiseanna léitheoireachta éagsúla á sholáthar sa scoil seo, mar shampla – léitheoireacht faoi stiúir, léitheoireacht pháirteach, léitheoireacht roinnte, léitheoireacht aonair, taoiléitheoireacht.

**Léitheoireacht**

**2023-2024**

| Naíonáin Shóisearacha | |
|---|---|
| **Scéim** | Bua na Cainte |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ An Sicín Beag Buí<br>▪ Oisín ag Dul ar Scoil<br>▪ An Tornapa Mór<br>▪ An Rás<br>▪ An Seilide<br>▪ An Fear Sneachta<br>▪ Cinín Óir agus na Trí Bhéír<br>▪ An Feirmeoir<br>▪ An Fear Grinn<br>▪ Oíche Shamhna<br>▪ An Nollaig<br>▪ An Féasta<br>▪ Coinín na Cásca |

**2024-2025**

| Naíonáin Shinsearacha | |
|---|---|
| **Scéim** | Bua na Cainte |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ Cé leis an teach deas?<br>▪ Mo phictiúr<br>▪ Hansel & Gretel<br>▪ Cúig Lacha<br>▪ Cochaillín Dearg<br>▪ Ar maidin<br>▪ An fear sinséir<br>▪ An lacha ghránna<br>▪ Sicín licín<br>▪ Cúig Phuimcín<br>▪ Daidí na Nollag<br>▪ Ubh Chásca |

**2023-2024**

| | |
|---|---|
| **Rang a hAon** | |
| **Scéim** | Bua na Cainte 1 |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ Cúig Rón<br>▪ An Rothar Nua<br>▪ Oíche Shamhna<br>▪ An Sionnach agus an préachán<br>▪ Eoin agus an Gas pónaire<br>▪ Bréagáin na Nollag<br>▪ An Fear Cliste<br>▪ An Gréasaí agus na Sióga<br>▪ Na trí Mhuc<br>▪ Codladh Sámh<br>▪ An Sionnach agus an Chircín Rua |

**2024-2025**

| | |
|---|---|
| **Rang a Dó** | |
| **Scéim** | Bua na Cainte 2 |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ An Madra Santach<br>▪ An Píobaire<br>▪ An Pota Draíochta<br>▪ Gairdín an Fhathaigh<br>▪ An Leipreachán Cliste<br>▪ An Mactíre agus na Caoirigh<br>▪ Rí na nÉan<br>▪ An Chailleach agus an Púca<br>▪ Rudolph an Réinfhia |
| **Léitheoireacht:** | Tús na léitheoireachta – clár foirmiúil don léitheoireacht ag toiseacht i Rang a Dó.<br>▪ Fógraí sa seomra<br>▪ Lipéid-doras,cófra,fuinneog, doirteal srl<br>▪ Léamh-focail agus abairtí gairide<br>▪ Póstaeir timpeall an tseomra le laethanta na seachtaine, uimhreacha, dathanna<br>▪ An nuacht a léamh<br>▪ Athscríobh a léamh<br>Déantar scileanna a fhorbairt agus a chleachtadh ó Rang a Dó. Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla ag na páistí.<br>▪ Léitheoireacht faoi stiúir<br>▪ Léitheoireacht pháirteach<br>▪ Léitheoireacht roinnte<br>▪ Léitheoireacht aonair |

**2024-25**

| **Rang a Trí** | |
|---|---|
| **Scéim** | Bua na Cáinte 3 |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ An Leon agus an Luch<br>▪ Na Trí Ghabhar<br>▪ An Chailleach Uaigneach<br>▪ An Rí agus an t-Ór<br>▪ Ainmhithe san Artach<br>▪ An Drumadóir<br>▪ Cú Chulainn<br>▪ Fionn agus an Dragún<br>▪ An Mhaighdean Mhara<br>▪ Rí na Sióg<br>▪ An Bradán Feasa |
| **Léitheoireacht:** | ▪ Fógraí sa seomra<br>▪ Lipéid-doras,cófra,fuinneog<br>▪ Léamh-focail agus abairtí gairide<br>▪ Póstaeir timpeall an tseomra le laethanta na seachtaine, uimhreacha, dathanna<br>▪ An nuacht a léamh<br>▪ Athscríobh a léamh<br>Déantar scileanna a fhorbairt agus a chleachtadh ó Rang a Dó. Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla ag na páistí.<br>▪ Léitheoireacht faoi stiúir<br>▪ Léitheoireacht pháirteach<br>▪ Léitheoireacht roinnte<br>▪ Léitheoireacht aonair |

**2023-2024**

| **Rang a Ceathair** | |
|---|---|
| **Scéim** | Bua na Cainte 4 |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ Fionn agus an Fathach Fíochmhar<br>▪ An Ghráinneog<br>▪ Clann Lir<br>▪ An Teach a Thóg Seán<br>▪ Fionn agus a Mhac Oisín<br>▪ Proserpine<br>▪ Jimín agus an Gandal |

| | |
|---|---|
| | ▪ Oisín i dTír nan Óg<br>▪ Androcles agus an Leon<br>▪ Labhraidh Loingseach<br>▪ Dáithí agus an Fathach<br>▪ An Banphrionsa agus an tAoire |
| **Léitheoireacht:** | ▪ Fógraí sa seomra<br>▪ Lipéid-doras,cófra,fuinneog, doirteal srl<br>▪ Léamh-focail agus abairtí gairide<br>▪ Póstaeir timpeall an tseomra le laethanta na seachtaine, uimhreacha, dathanna<br>▪ An nuacht a léamh<br>▪ Athscríobh a léamh<br>Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla ag na páistí.<br>▪ Léitheoireacht faoi stiúir<br>▪ Léitheoireacht pháirteach<br>▪ Léitheoireacht roinnte<br>▪ Léitheoireacht aonair |

*2023-2024*

| **Rang a Cúig** | |
|---|---|
| **Scéim** | Bua na Cáinte 6 |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ An Táin<br>▪ Bodach an Chóta Lachna<br>▪ Romulus agus Remus<br>▪ Cailín na Lasán<br>▪ An Chéad Eitilt<br>▪ An Claíomh sa Charraig<br>▪ Odysseus agus Polyphemus<br>▪ Capall Adhmaid na Traí<br>▪ An Druma |
| **Léitheoireacht:** | ▪ Fógraí sa seomra<br>▪ Lipéid-doras,cófra,fuinneog, doirteal srl<br>▪ Léamh-focail agus abairtí gairide<br>▪ Póstaeir timpeall an tseomra le laethanta na seachtaine, uimhreacha, dathanna<br>▪ An nuacht a léamh<br>▪ Athscríobh a léamh<br>Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla ag na páistí.<br>▪ Léitheoireacht faoi stiúir<br>▪ Léitheoireacht pháirteach<br>▪ Léitheoireacht roinnte<br>▪ Léitheoireacht aonair |

**2024-2025 Bua 5**

| **Rang a Sé** | |
|---|---|
| **Scéim** | Bua na Cáinte 5 |
| **Síscéalta/Leabhair Idirghníomhach:** | ▪ Deirdre<br>▪ An Broc<br>▪ Gráinne Mhaol<br>▪ Medusa an Ollphéist Ghránna<br>▪ Ali Baba agus na Gadaithe<br>▪ Carúl na Nollag<br>▪ An Fia Rua<br>▪ Daedalus agus Icarus<br>▪ Arion agus an Deilf<br>▪ Ceoltóirí Bremen<br>▪ Robinson Crusoe |
| **Léitheoireacht:** | ▪ Fógraí sa seomra<br>▪ Lipéid-doras, cófra, fuinneog<br>▪ Léamh-focail agus abairtí gairide<br>▪ Póstaeir timpeall an tseomra le laethanta na seachtaine, uimhreacha, dathanna<br>▪ An nuacht a léamh<br>▪ Athscríobh a léamh<br>Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla ag na páistí.<br>▪ Léitheoireacht faoi stiúir<br>▪ Léitheoireacht pháirteach<br>▪ Léitheoireacht roinnte<br>▪ Léitheoireacht aonair |

## Scríbhneoireacht

### Aidhmeanna

Go mbeidh na páistí in ann:

- Tascanna scríbhneoireachta a dhéanamh le cuidiú ón mhúinteoir agus, ina dhiaidh sin, go neamhspleách, bunaithe ar na téamaí ón scéim Ghaeilge
- Téacsanna gairide pearsanta agus cruthaitheacha a scríobh
- Tuiscint a fháil ar phróiseas na scríbhneoireachta trí athdhréachtú a dhéanamh

### Tús na scríbhneoireachta

Tosnaíonn na páistí le scríbhneoireacht fhoirmiúil i Rang a Dó. Leanann agus feabhasann an próiséas seo ó rang go rang. Déanann na páistí tascanna scríbhneoireacta bunaithe ar na téamaí sa Churaclaim agus úsáidtear an cóipleabhar chun dul chun cinn a dhéanamh ar a gcuid scríbhneoireacta.

**Cuirfear tús leis an scríbhneoireacht fhoirmiúil i Rang a 1 agus leanann muid na céimeanna seo:**

- a (h)ainm féin a scríobh
- abairtí a chóipeáil
- liostaí eágsúla a chumadh, m.sh.bréagaín, bia, dathanna
- cluichí focal a imirt, e.g. tóraíocht focal, dréimire focal, crosfhocal,
- cártaí d'ocáidí éagsúla chumadh - don rang,do rang eile do dhaoine eile…
- bearnaí i dtéacs a líonadh
- litreacha i bhfocal a chur san ord ceart
- focail in abairt a chur san ord ceart
- scríobh as féin – focail, frásaí
- pictiúr a tharraing agus lipéid a chur leis

Forbairt na Scríbhneoireachta
Téann an scríbhneoireacht chun cinn le tascanna scríbhneoireachta m.sh. ailt bunaithe ar nuacht phearsanta. Tuigimid go bhfuil gá le cleachtadh i scríbhneoireacht fheidhmiúil agus chruthaitheach agus go bhfuil cleachtadh agus taithí ag teastáil ó na páistí chun scil na scríbhneoireachta a fhorbairt go leanúnach comhsheasamhach sa scoil i bproiséas na scríbhneoireachta. Tá gá leis seo ionas go mbeidh siad ábalta feabhas a chur ar a n-iarrachtaí. Sna meánranganna agus sna hardranganna mar sin, cuirfear ar chumas an pháiste:

- scríobh do léitheoirí agus d'éisteoirí éagsúla
- cluichí taitneamhacha focal a imirt
- cleachtaithe scríbhneoireachta a chur i gcrích
- pictiúir agus abairtí a chur san ord ceart chun scéal a insint
- creatlacha réamhcheaptha d'alt nó d'aiste ghearr a chríochnú
- focail a scríobh ó chuimhne
- scríbhneoireacht fheidhmiúil (ainm, cuireadh, cártaí, litir shimplí, teachtaireachtaí)
- cur síos a dhéanamh ar phictiúir
- tabhairt faoi scríbhneoireacht phearsanta le cabhair (tuairiscí, ailt, aistí gearra, scéalta simplí)

| **Naíonáin Shóisearacha** | |
| --- | --- |
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus dathaigh |

| **Naíonáin Shinsearacha** | |
| --- | --- |
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus dathaigh |

| **Rang a hAon** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte 1<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus scríobh<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Scríobh an focal ceart<br>▪ Liosta focal<br>▪ Crosfhocail<br>▪ Focal faoi phictiúr<br>▪ Meaitseáil<br>▪ Déan abairtí |
| **Cóipleabhar Gaeilge:** | ▪ Pictiúr le focal in aice leo<br>▪ Abairtí simplí<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Athscríobh ón gclár bán: An Nuacht |
| **An Próiseas Scríbhneoireachta:** | ▪ Pictiúir le focail agus abairtí simplí<br>▪ Abairtí a chumadh bunaithe ar an Mhodh: Cathain, Cé, Cá, Cén áit, Cad? le cabhair |

| **Rang a Dó** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte 2<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus scríobh<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Scríobh an focal ceart<br>▪ Liosta focal<br>▪ Crosfhocail<br>▪ Focal faoi phictiúr<br>▪ Meaitseáil<br>▪ Déan abairtí |
| **Cóipleabhar Gaeilge:** | ▪ Pictiúr le focal in aice leo<br>▪ Abairtí simplí<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Athscríobh ón gclár bán: An Nuacht<br>▪ Rannta |
| **An Próiseas Scríbhneoireachta:** | ▪ Pictiúir le focail agus abairtí simplí<br>▪ Pictiúir le habairtí beaga agus níos déanaí, scéalta beaga<br>▪ Abairtí a chumadh bunaithe ar an Mhodh: Cathain, Cé, Cá, Cén áit, Cad? le cabhair |

| Rang a Trí ** | |
|---|---|
| **Téacs Leabhar:** | Bua na Cainte<br>▪ Freagair na ceisteanna<br>▪ Aois, gruaig agus súile<br>▪ Scríobh an abairt mar is ceart<br>▪ Scríobh do scéal féin<br>▪ Críochnaigh na habairtí/an scéal<br>▪ Cuir na h-abairtí in ord<br>▪ Líon na bearnaí<br>▪ Do Theach<br>▪ Cén Siopa é ?<br>▪ Scríobh an Comhrá<br>▪ Cad a Tharla Ansin?<br>▪ Na Mothúcháin<br>▪ Cad a rinne tú ag an deireadh seachtaine?<br>▪ Tarraing an t-am<br>▪ Na Séasúir<br>▪ Déan cur síos ar na pictiúir<br>▪ Scríobh faoi do Chaitheamh Aimsire<br>▪ Críochnaigh scéal<br>▪ Scríobh faoi do Bhreithlá |
| **Cóipleabhar Gaeilge:** | ▪ Pictiúr le focal in aice leo<br>▪ Abairtí dá gcuid féin a scríobh<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Athscríobh ón gclár bán: An Nuacht<br>▪ Rannta agus dánta<br>▪ Cleachtaí Gramadaí |
| **An Próiseas Scríbhneoireachta:** | ▪ Pictiúir le focail agus abairtí simplí<br>▪ Pictiúir le habairtí beaga agus níos déanaí, scéalta beaga |

| Rang a Ceathair | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cáinte<br>▪ Freagair na ceisteanna<br>▪ Mo Chairde<br>▪ Na Mothúcháin<br>▪ Mé Féin<br>▪ Cad ba Mhaith Leat a Dhéanamh?<br>▪ Cad a Tharla Ansin?<br>▪ Críochnaigh na habairtí/an scéal<br>▪ Scriobh do Scéal Féin |

| | |
|---|---|
| | ▪ Bia Chlár<br>▪ Clár Ama<br>▪ Ar Chuala Tú?<br>▪ Cén t-Am É?<br>▪ Cad a Cheapann Tú…..?<br>▪ Cluichí Ríomhaire<br>▪ Scríobh an Cómhrá<br>▪ Cá bhfuil?<br>▪ Scríobh do Liosta Féin<br>▪ B'fhéidir go mbeidh….<br>▪ Déan Cur Síos ar na Séasúir<br>▪ Cé acu is Fearr Leat?<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Scríobh faoi do Chaitheamh Aimsire<br>▪ Biachlár<br>▪ Céard ba mhaith Leat? |
| **Cóipleabhar Gaeilge:** | ▪ Pictiúr le focal in aice leo<br>▪ Abairtí dá gcuid féin.<br>▪ Scéal beag a scríobh<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Athscríobh ón gclár bán<br>▪ An Nuacht a scríobh<br>▪ Rannta agus dáin<br>▪ Cleachtaí Gramadaí |
| **An Próiseas Scríbhneoireachta:** | ▪ Pictiúir le focail agus abairtí<br>▪ Pictiúir le scéalta beaga<br>▪ Scéalta a chumadh bunaithe ar an Mhodh: Cathain, Cé, Cá, Cén áit, Cad? le cabhair |

| **Rang a Cúig** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cáinte<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus scríobh<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Scríobh an focal ceart<br>▪ Liosta focal<br>▪ Crosfhocail<br>▪ Focal faoi phictiúr<br>▪ Meaitseáil<br>▪ Déan abairtí<br>▪ Scríobh na habairtí seo i gceart<br>▪ Freagair na ceisteanna<br>▪ Críochnaigh na habairtí |
| **Cóipleabhar Gaeilge:** | ▪ Pictiúr le focal in aice leo |

| | |
|---|---|
| | ▪ Abairtí níos faide<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Athscríobh ón gclár bán<br>▪ Rannta agus dáin |
| **An Próiseas Scríbhneoireachta:** | ▪ Pictiúir le focail agus abairtí<br>▪ Pictiúir le scéalta<br>▪ Scéalta a chumadh ag baint úsáid as frásaí faoi leith, mar shampla, Ar dtús, Ansin, Ina dhiaidh sin, Ar deireadh, srl |

| **Rang a Sé** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Leabhair éagsúla<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus scríobh<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Scríobh an focal ceart<br>▪ Liosta focal<br>▪ Crosfhocail<br>▪ Focal faoi phictiúr<br>▪ Meaitseáil<br>▪ Scríobh na abairtí seo i gceart<br>▪ Déan abairtí<br>▪ Freagair na ceisteanna<br>▪ Críochnaigh na habairtí |
| **Cóipleabhar Gaeilge:** | ▪ Pictiúr le focal in aice leo<br>▪ Abairtí níos faide<br>▪ Líon na Bearnaí<br>▪ Rannta agus dáin |
| **An Próiseas Scríbhneoireachta:** | ▪ Abairtí níos faide<br>▪ Pictiúir le scéalta<br>▪ Scéalta a chumadh ag baint úsáid as frásaí faoi leith, mar shampla, Ar dtús, Ansin, Ina dhiaidh sin, Ar deireadh, srl |

**Litriú**
Litriú neamhfhoirmiúil a bhíonn ar siúl

Ó Rang 3 go rang 6 baintear úsáid as na téacsleabhar atá in úsáid. (msh. Bua na Cainte ).

Chomh minic agus is féidir, leanann an litriú leis an ábhar atá á dhéanamh againn sa rang- ná dean litriú ina aonar. Iarr ar na páistí féachaint ar an bhfocal, úsáid a bhaint as agus srl. Is cóir litriú a bheith radharcach agus gan a bheith éistitheach. Baintear úsáid as deachtú go rialta mar mhodh measúnú. Baintear úsáid as ábhar léitheoireachta agus scríbhneoireachta chomh

maith mar ábhar don litriú.

**Gramadach**
Tá an ghramadach á foghlaim de réir a chéile, i gcomhthéacs agus nascaithe leis na h-acmhainní/ teanga atá in úsáid. Bíonn béim i gcónaí ar úsáid agus cumarsáid i bhfoghlaim na gramadaí. Léiríonn Aguisín 3 an leanúnachas agus forbairt a thagann ar an ngramadach ó rang go rang. *Tá cóip ag gach oide de na gníomhartha sin dá rang féin chun é seo a chinntiú.*

Tá liosta de na briathra a bheidh ar eolas ag na ranganna éagsúla cumtha againn. Tá an liosta seo le fáil sa phlean agus tá liosta ag gach múinteoir freisin.

**Gramadach**

| **Naíonáin Shóisearacha** | |
|---|---|
| **Gramadach** | Múintear go h-indíreach i mbun ranga é. |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 go 5 |

| **Naíonáin Shinsearacha** | |
|---|---|
| **Gramadach** | Múintear go h-indíreach i mbun ranga é. |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 go 10 |

| **Rang a hAon** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte 1<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus dathaigh |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 go 20 |
| **Comhaireamh (Uimhreacha pearsanta)** | Béim ar 1 go 10 |
| **Forainmeacha** | agam, agat /liom, leat /orm, ort, air ,uirthi |

| **Rang a Dó** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte 2<br>▪ Éist agus tarraing<br>▪ Éist agus dathaigh |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 go 20 agus deicheanna 10-100 |

| | |
|---|---|
| **Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):** | Béim ar 1 go 10 |
| **Briathra:** | Béim ar an aimsir chaite – Rialacha |
| **Forainmneacha:** | Agam, agat, aige, aici / Liom, leat, leis, léi /Orm, ort, air, uirthi |

| **Rang a Trí** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte 3 |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 -100 |
| **Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):** | Béim ar 1 go 10 |
| **Briathra:** | Aimsir Cháite, Aimsir Láithreach |
| **Forainmneacha:** | ag, ar, le, do, ó, faoi.<br>in aice, os comhair, taobh thiar de, |

| **Rang a Ceathair** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Bua na Cainte |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 – 100, i gcéadthaí go dtí míle |
| **Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):** | Béim ar 1 go 20 |
| **Briathra:** | Aimsir Cháite, Aimsir Láithreach, Aimsir Fháistineach |
| **Forainmneacha:** | ag, ar, le, do, ó faoi, chuig, de<br>in aice, os comhair, taobh thiar de, os cionn |

| **Rang a Cúig** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Leabhair éagsúla |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 go 1000 |
| **Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):** | 1 go 20 |
| **Briathra:** | Aimsir Cáite, Aimsir Laithreach, Aimsir Fháistineach |
| **Forainmneacha:** | ag, ar, le, do, ó, chuig, faoi, de, roimh, as<br>in aice, os comhair, taobh thiar de, os cionn |

| **Rang a Sé** | |
|---|---|
| **Téacsleabhar:** | Leabhair éagsúla |
| **Comhaireamh (bun uimhreacha)** | 1 go 1000, i mílte go dtí deich míle |

| | |
|---|---|
| **Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):** | 1 go 20 |
| **Briathra:** | Aimsir Cháite, Aimsir Láithreach, Aimsir Fháistineach, Modh Coinníollach |
| **Forainmneacha:** | ag, ar, le, do, ó, chuig, faoi, roimh, as, i, thar, idir<br>in aice, os comhair, taobh thiar de, os cionn |

### *1.4: Comhtháthú na Snáitheanna*

Déanann múinteoirí iarracht na snáitheanna uile a nascadh nuair a bhíonn téamaí á fhorbairt acu. Sa scoil seo cuirtear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearacht. Déanfaimid iarracht éisteacht / labhairt / léitheóireacht agus scríbhneóireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite. Is féidir é sin a dhéanamh trí na gníomhaíochtaí atá luaite faoi na snáitheanna san ábhar teagaisc.Déanann an fhoireann sáriarracht ar chomhtháthú na snáitheanna gach Mí Márta le linn Seachtain na Gaeilge.

**1.5 Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte:**
Tá an scéim "Bua na Cainte", foilsithe ag Edco, in úsáid againn ó na Naoínáin go Rang a Sé. Tá deich dtéamaí leagtha amach sa Churaclam Gaeilge do gach rang agus leantar iad seo sa dá scéim. Is iad seo:
Féach thíos na téamaí:

- Mé Féin
- Sa Bhaile
- An Scoil
- Bia
- An Teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh Aimsire
- Éadaí
- An Aimsir
- Ócáidí Speisialta

Baineann na téamaí le saol an pháiste agus feictear leanúnachas iontu ó rang go rang. Tugtar treoracha an cheachta Ghaeilge as Gaeilge. Úsáidtear an modh díreach, modh na sraithe, an modh closlabhartha agus modh na ráite mar atá leaghta amach. Baintear úsáid as réimse modhanna agus straitéisí i ngach ceacht.

Beidh modhanna múinte in úsáid a oireann don téama agus don rang faoi leith agus beidh éagsúlacht sna fó-théamaí i ngach rang.

Is iad seo leanas na stráitéisí is coitianta a úsáidtear:

- Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna
- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Scéalaíocht
- Filíocht
- Amhráin

Is iad na modhanna múinte is éifeachtaí a úsáidtear ná:

- An modh díreach m.sh – Seo ríomhaire (taispeáin ríomhaire agus é á rá)
- Modh na sraithe m.sh - D'éirigh mé ar maidin, ghlan mé m'fhiacla, d'ith mé mo bhricfeasta …..
- Modh na lánfhreagartha gníomhaí m.sh - Éist agus déan – cuir suas do lámh, bí ag rith, srl
- An modh closabhartha m.sh - éisteacht le dlúthdíoscanna, caint an mhúinteora – cluiche bingo/éist agus tarraing
- An modh closamhairc m.sh. - Deilbhíní, físeáin, pictúirí srl
- Modh na ráite, m.sh. – frásaí a fhoghlaim (m.sh ar muin na muice…) le n-usáid arís

**1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae:**

- Beimid ag súil go mbeidh páistí in ann teachtaireacht a thabhairt, cead a iarraidh agus cabhair a lorg as Gaeilge mar chuid de chaint an lae.
- Sa scoil seo úsáidtear an Ghaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae chun tacú le foghlaim fhoirmiúil eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga. Chomh maith leis sin tabharfaidh úsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúil comhthéacs réalaíoch d'úsáid na n-eiseamláirí teanga.
- Úsáidtear an Ghaeilge sa rang go rialta ag amannaáirithe, m.sh. am rolla, am lóin, ag tús an lae, am dul abhaile, i gcomhair teachtaireachtaí.
- Feicfidh na páistí prionta sa timpeallacht i bhfógraí agus comharthaí.
- Beidh béim faoi léith ar usáid na Gaeilge sa tréimhse roimh Sheachtain na Gaeilge.

## 2. Pleanáil Éagraíochta

### *2.1: Pleanaíl an mhúinteora*

Tá dualgas ar gach múinteoir ranga a phleanáil gearrthéarmach/fadthéarmach féin a dhéanamh agus iad a choimead. Déantar cuntas míosúil ag deireadh gach mí agus coimeádtar iad.

### *2.2: Áiseanna*

Tá muid ag baint úsáid as 'Bua na Cainte' mar atá luaite thuas. Sna phacáistí seo tá:

- Leabhar an Mhúinteora
- Leabhar an Pháiste
- CD Rom le háiseanna don chlár bán idirghníomhach (póstaeir, scéalta, amhrán, dánta, cluichí)

Úsáidtear éagsúlacht leabhar agus áiseanna breise chomh maith msh.:

- Bun go Barr
- Inis Dom
- Twinkl/Múinteoir.ie/Seomra Ranga &rl.

***2.3: Éagsúlacht cumais***

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht chumais na bpáistí trí úsáid a bhaint as stráitéisí éagsúla múinteoireachta a oireann do pháistí éagsúla sna ranganna.

***2.4: Comhtháthú le hÁbhair eile***

Déanfaimid iarracht roinnt Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir in ábhair dhifriúla sa scoil i rith na bliana. Bainimid úsáid as gach deis an Ghaeilge a labhairt i rith an lae. Déanann múinteoirí iarracht na snáitheanna a mhúineadh as Béarla agus as Gaeilge ag an am chéanna, mar shampla trí dráma nó 'Aistear', mar atá leagtha amach i g***Curaclam Teanga na Bunscoile***.

***2.5: Measúnú***

Tá an measúnú mar chuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama na Gaeilge. Beidh uirlisí measúnaithe, idir neamhfhoirmiúil agus foirmiúil in úsáid chun dul chun cinn na ndaltaí a mheas. Is í dírbhreathnú an mhúinteora an uirlis is coitianta a bhéas in úsáid. Beidh an múinteoir ag faire amach go rialta conas ar éirigh leis na daltaí na cuspóiri foghlama a bhaint amach. Ba chóir go mbéadh dlúthcheangail idir na cuspóirí agus an measúnú chun go mbeidh an múinteoir in ann cuspóiri don chéad cheacht eile a bhúnú ar ghánna an pháiste. Is féidir torthaí an mheasúnaithe seo a chlárú go neamhfhoirmiúil chun cabhrú le measúnú suimitheach an pháiste a chur le chéile.

Seo iad na modhanna measúnaithe atá in úsáid again.

1. Dírbhreathnú an mhúinteora
2. Tascanna/trialacha deartha ag an mhúinteoir
3. SALF

***2.6: Obair Bhaile***

De ghnáth tugtar obair bhaile sa Ghaeilge sna meán/ardranganna atá bunaithe ar an obair ranga. Dá bhrí sin, ní chuirfear aon stró ar na tuismitheoirí cuidiú leis na páistí murar féidir leo. Braitheann an méid obair bhaile ar éagsúlacht chumais na bpáistí.

***2.7: Forbairt Foirne***

Oibríonn na múinteoirí le chéile chun plean oibre a chur le chéile. Tugann an Bord Bainistíochta gach tacaíocht d'fhoireann na scoile m.sh. áiseanna a fháil don scoil, freastal ar chúrsaí srl.

***2.8: Tuismitheoirí agus an Ghaeilge***

Molann an scoil do thuismitheoirí dearcadh dearfach a bheith acu don Ghaeilge chun cuidiú linn grá a chothú don teanga agus suim a mhúscailt inti. Tá an-tábhacht ag baint le leanúnachas idir scoil agus baile. Úsaidtear Seachtain na Gaeilge, tionóil agus suíomh gréasáin na scoile chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

***2.9: Comhionannas***

Ó am go h-am, tagann páistí go dtí an scoil, i rith na scoil bliana, ó cheantar eile, ó scoile eile, nó ó thír eile. Tugtar cumas na bpáistí san áireamh nuair atá siad ag tabhairt faoi fhoghlaim na Gaeilge. Muna bhfuil líofacht Bhéarla acu, ní chuirtear an-bhéim ar fhoghlaim na Gaeilge ag an tús. É sin ráite, bíonn an páiste ag glacadh páirte sa rang agus bíonn idirdhealú á dhéanamh ag an mhúinteoir.

**Critéir Rathúlachta**

(lena ndéanfar an polasaí a mheas)

- Páistí ag baint úsáide as Gaeilge gan nod.
- Páistí sásta páirt a ghlacadh sa rang.
- Páistí ag baint taitnimh as Gaeilge a úsáid sa rang.
- Gaeilge le feicéail agus le cloisteáil, ó am go chéile, timpeall na scoile.
- Torthaí na scrúduithe caighdeánaithe ag méadú.

**Cur i bhfeidhm**

**A: Rólanna agus freagracht:**

Tá gach múinteoir freagrach as an bplean a chur i gcrích.

- A dhearbhú go bhfuil an plean scoile a chur i grích i ngach rang.
- Tá sé de dhualgas ag gach múinteoir scéim bliana agus ullmhúchán gearr-thréimhseach a eagrú de réir na moltaí atá sa phlean iomlán agus de réir an cuid den curaclam a bhaineann lena rang féin.
- A dhearbhú go bhfuil áiseanna oiriúnacha Gaeilge ag gach rang.
- Eolas a thabhairt do na múinteoirí faoi Chúrsaí/Seachtain na Gaeilge srl
- Taighde a dhéanamh faoi áiseanna a bheadh óiriúnach don scoil.

**B: Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm:**

- Feabhra 2023

**Spriocdháta don athbhreithniú**

I mí Eanáir 2023, d'fhéach an fhoireann ar Webinar 6 ón PLC. Tar-eis féachaint ar sin, shochraíomar béim a chur ar an scríobhnóireacht. Sna bunranganna beidh na múinteoirí ag tosnú scríobhnóireacht agus é a dhéanamh go minic agus go foirmiúil i rang a haon agus a dó. Sna hardranganna béidh na múinteoirí ag múineadh agus ag cur béim ar strúchtúr abairtí, mar shampla: briathar – duine – rud. Déanfaimid iarracht athbhreithniú a dhéanamh go minic ar an bhfoclóir atá múinte sna téamaí difriúla freisin.

- Mionbhreithniú a dhéanamh i Mí na Bealtaine gach bliain
- Mórbhreithniú a dhéanamh gach trí bhliain **2025**

**Daingniú agus Cumarsáid**

Thug an Bord Bainistíochta aitheantas don bplean reatha ar an

**Síniú:** ______________________________ (Cathaoirleach) **Dáta:** ____________